Ceacht Fabraice agus Snáithín le Naíonáin
'Fiosraímís Fabraic'

Gemma Mc Girr

Snáth Curaclaim: **Fabraic agus Snáithín** (Curaclam Amharcealaíona lch. 23)

Cuspóir: *Fiosrú a dhéanamh ar fhéidearthachtaí fabraic agus snáithín mar mheán don chur in iúl samhlaíoch (lch. 23)*

Nasc: **Prionta >** Bain triail as éifeachtaí is féidir a bhaint amach le déanamh priontaí simplí (lch. 20)
Péint agus Dath > Bain triail as réimse d'uirlisí daite líníochta agus de mheáin chun feasacht datha a fhorbairt (lch. 19)
Tógáil > Fiosraigh agus bain triail as airíonna agus tréithe ábhar chun struchtúir a dhéanamh (lch. 22); Déan struchtúir shamhlaíocha (lch. 22)

Féidearthachtaí Imeasctha:
Teanga Labhartha: *Breis eolais a thabhairt mar fhreagra ar spreagadh an mhúinteora (lch. 20); Dírigh ar shonra tuairisciúil agus tosaigh ar a bheith soiliéir maidir le daoine, áiteanna, amanna, próisis, imeachtaí, dath, cruth, méid, ionad (lch. 20)*
Matamaitic: Feasacht Spásúil — Fiosraigh, pléigh, forbair agus úsáid foclóir na ngaol spásúla (lch. 28); Cruthanna 2T – Sortáil agus ainmnigh cruthanna 2T: *cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog (lch. 29)*
Eolaíocht: *Breathnaigh agus fiosraigh réimse d'ábhair choitianta sa timpeallacht láithreach (lch. 27); Bí eolach faoi úsáid laethúil gnáthábhar (lch. 27); Aithnigh ábhair áirithe atá uiscedhíonach (lch. 27)*

Forbairt na Gníomhaíochta seo sa Rang:

Ag Tosú: Bíodh blúirí fabraice d'uigeachtaí, de dhathanna agus de phatrúin éagsúla ar fáil do na leanaí le feiceáil agus le láimhseáil.

Ábhair Riachtanacha: Heiseán, gearrtha ina phíosaí timpeall leath mhéid leathanaigh A4 (1 don leanbh)
Páipéar daite siúcra (mar chúlra)
Criáin, cailceanna daite agus/nó péint agus scuabanna
Bileoga páipéir A4 (don cheacht roghnach prionta)

Spreagadh: "An féidir le duine ar bith a insint dom cad is fabraic ann? Cá bhfaigheann tú fabraic? An bhfuil gach fabraic mar an gcéanna? An féidir leat aon fhabraic a ainmniú? Cén fhabraic is fearr leat? Cén fhabraic a bhíonn bog ar do chraiceann? An féidir le fabraic ar bith muid a choinneáil tirim? Cén ceann is fearr chun muid a choinneáil te? An eol daoibh cén áit a dtagann aon cheann de na fabraicí seo as?"

Gníomhaíocht: Tabhair píosa Heiseán do gach leanbh. "Mothaigh an píosa fabraic seo agus déan cur síos air. Ar mhaith leat veist a dhéanamh as? Cén fáth go ndeir tú é sin? Féach go géar ar an bhfabraic, an féidir leat na línte a fheiceáil ag dul suas agus síos? Tarraing snáithín ón imeall agus féach cad a tharlaíonn. An bhfeiceann tú conas a théann sé thar snáithíní eile agus fúthu? Cad atá ag tarlú d'imeall do phíosa féin? Tarraing snáithíní ar na taobhanna eile agus inis dúinn cad a tharlaíonn. Má tharraingímid snáithín ó lár an Heiseáin cad a tharlaíonn? Tarraing roinnt snaithíní eile agus inis dúinn cad iad na cruthanna atá déanta sa Heiseán agat. Má shánn tú do mhéar sa pholl cad a tharlaíonn don chruth?"
Is féidir leat deireadh a chur leis an gceacht anseo más mian leat, na píosaí scaoilte a stápláil le cúlra daite agus iad a thaispeáint sa seomra ranga, nó is féidir dul ar aghaidh...
Tabhair cailceanna daite do na leanaí agus iarr orthu dath a chur leis an bpíosa. (D'fhéadfaí é seo a dhéanamh freisin le criáin nó péint.)
Is féidir iad seo a stápláil le cúlra daite agus a thaispeáint sa seomra ranga.

© Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas 2006

Má leanann na leanaí ar aghaidh ag scaoileadh an phíosa Heiseáin, fiafraigh díobh cén úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as na snáithíní scaoilte. (D'fhéadfadh sé a lán freagraí éagsúla a spreagadh, cuid acu greannmhar.) Má tá an DVD Is Ealaíontóir *M*é feicthe ag na leanaí beidh tuairm acu faoi rudaí a rinne leanaí eile leis na snáithíní m.sh. áit chónaithe a dhéanamh d'ainmhithe agus éin. *Is féidir iad seo a chur ar taispeáint ar an mBord Dúlra sa seomra ranga.*
Is féidir na snáithíní scaoilte a úsáid chun priontaí simplí a dhéanamh freisin trí chuimilteáin a bhaint astu. Leagann na leanaí na snáithíní amach ar an mbord go roghnach nó go fánach, cuirtear bileog A4 ar bharr agus úsáidtear taobh chriáin chun cuimilteán a dhéanamh. Má ardaíonn siad an leathanach agus é a bhogadh beagán is féidir leo é a chuimilt arís le crián de dhath eile. Is féidir é seo a dhéanamh arís agus arís eile chun éifeachtaí an-spéisiúla a chruthú. *Cuir iad seo ar taispeáint sa seomra ranga.*
Is féidir leis na lenaí priontaí a dhéanamh as an Heiseán scaoilte chomh maith.

Measúnú/ Ag Amharc agus ag Freagairt: Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Spreag iad chun caint faoina bhfuil á dhéanamh acu, agus cad atá ag tarlú don Heiseán agus na snáithíní á dtarraingt acu. Spreag iad chun teanga na fíodóireachta a úsáid, os cionn agus faoi, fí, snáithíní, snáthanna. Tabhair fabraicí eile dóibh le breathnú orthu chun go bhfeicfidh siad an difríocht sna snáthanna éagsúla a úsáidtear chun iad a dhéanamh.

Gníomhaíochtaí breise:
Féadfaidh na leanaí snáthanna, olann nó ribíní a chur leis an Heiseán. Ní bheidh naíonáin ag fuáil ach is féidir leo gliúáil, ceangal nó fí trí na poill a rinne siad nuair a tharraing siad na snáthanna.

Féidearthachtaí TCF: Féach ar an taispeántas sleamhnán sa rannóg Fabraic agus Snáithín ar an suíomh idirlín agus spreag díospóireacht faoi úsáidí cruthaitheacha fabraic. Is féidir saothar na leanaí a scanáil isteach sa ríomhaire agus sparálai scáileán a dhéanamh astu, rud a thugann spás taispeána eile dóibh. Is féidir iad a sheoladh chuid an suíomh idirlín freisin le cur sa dánlann.

An DVD Is Ealaíontóir Mé a Úsáid: Tugann na cláir *Fabraic agus Snáithín* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil ag scaoileadh agus ag dathú Heiseán. Is féidir leanaí a fheiceáil freisin ag déanamh tógálacha simplí le snáthanna Heiseáin.

Nóta: Is réimse saibhir é an snáithín chun saothar cruthaitheach a dhéanamh le leanaí. Is féidir é a tharraingt as a chéile, scríobh/líniú/péinteáil air, píosaí a chur leis, gléasadh suas leis (feisteas a chumadh) agus is féidir é a úsáid do thógálacha agus colláisí simplí freisin.

Ealaíontóirí Ábhartha: Christo agus Jean-Claude

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:
Féach saothar péinte agus fabraicí an ealaíontóra Liz Kane
http://www.lizkane.net/html/gallery_0203.html

Tabhair cuairt ar shuíomh Mary Manahan agus féach na dearthaí áille cuilte.
http://www.marymanahan.com/Gallery.asp

Suíomh oifigiúil Christo agus Jeanne-Claude, a bhfuil cáil orthu as foirgnimh agus séadchomharthaí móra a chlúdach le fabraicí
http://www.christojeanneclaude.net

Is tairseach é Scoilnet chuig a lán suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga
http://www.scoilnet.ie

© Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas 2006